

# An Spailpín Fánach | Ní fíos cé a chum an dán seo

**Cúlra:** Tá saol an spailpín sa dán seo fite fuaite le (*intertwined with*) cursaí polaitíochta a bhí ar siúl timpeall na tréimhse stáiriúil seo (*this historical period*). Ag an am, bhí na Sasanaigh i gceannas (*in charge*) ar Éire. Bhí na plandáilithe (*plantations*) críochnaithe agus bhí na péindlithe (*penal laws*) i bhfeidhm (*in effect*) sa tír seo. Mar thoradh, ní raibh cead ag na caitligh dul go dtí an aifreann agus ní raibh cead acu vótáil ach an oiread (*either*). Bhí na gnáthdaoine faoi bhois an chait ag an uas-aicme (*subjugated by the upper class*). Bhí an chumhacht go léir ag na tiarnaí talúin (*the landlords*) agus bhí gach duine eile beo bocht (*penniless*). Ina dhiaidh sin, bhí idirdhealú (*discrimination*) ar siúl in aghaidh na Caitlicigh.

Sa seachtú agus ochtú aois déag, bhí cursaí in Éirinn an-mhíchothrom (*very unfair*) agus bhí deighilt mór idir an uaslathas (*the aristocracy*) agus na gnáthdaoine. Bhí na 'croppies' nó na ceannaircigh (*the rebels*) ag troid in aghaidh na Sasanaigh agus ba mhinic go raibh siad curtha chun báis (*executed*) dá bharr. Bhí an bhochtaineacht agus an foréigean (*violence*) ar fud na háite (*all over the land*).

Bhí na spailpíní ag bun an dréimire. Ní raibh aon stadás nó ceartanna acu. Caitheadh anuas orthu (*they were looked down on*) agus caitheadh go dona leo (*they were treated terribly*). Ní raibh an dara rogha acu ach (*they had no other choice but to...*) dul ag taisteal ó áit go háit, ag lorg oibre ar na feirmeacha mhóra. Is spailpín é an príomhphearsa sa dán seo, agus ní mó ná sásta air (*he's not one bit happy*) lena shaol.

**Téama:** Is é bochtaineacht (*poverty*) agus saol crua an spailpín téamaí an dáin seo.

Teastalaíonn an file ar fud Chill Chainnigh agus Thiobraid Árann ar thóir oibre (*in search of work*). Tugann sé léargas cuimsitheach (*comprehensive insight*) dúinn ar an saol suarach (*miserable*) atá aige. Bíonn sé ag éirí go moch gach maidin agus ag obair i ngach aon saghas aimsire. Tá sé ag brath ar a shláinte (*relying on his health*) agus caithfidh sé galair a sheacáint (avoid diseases) chun a bheith ábalta dul ag obair. Ach tá sé éasca galair a phiocadh suas agus é "ag siúl an drúchta go moch ar maidin".

Chomh maith leis sin, tugtar le fios dúinn go bhfuil brú (*pressure*) mór ar an bhfile. Caithfidh sé a bheith níos tapúla agus níos sciliúla ná na spailpíní eile chun na postanna a fháil. Go deimhin (*certainly*) tá iomaíocht ghéar (*sharp competition*) idir na spailpíní. Fostaítear (*are hired*) na spailpíní ab láidre ab aclaí (*fittest*) agus fághtar an chuid eile dóibh ar an trá fholamh (*the rest of them are left destitute*).

Sa véarsa deireanach, feicimid an meon (*attitude*) atá ag na daoine eile chuige. Níl meas ag éinne air. Ar ndóigh, ó am go chéile (*from time to time*) bíonn siad ag magadh faoi. Bíonn air dul go dtí 'margadh na saoirse' a bhíonn ar siúl i gCaiseal chun fostaíocht a fháil. Ach bíonn sé náirithe ann (*humiliated*), ag seasamh leis na bochtáin eile. Tagann na feirmeoirí saibhre (*rich*) agus iad ag breathnú aníos orthu óna gcapaill arda (*looking down from their high horses*). Díoltar agus ceannaítear na spailpíní ag na margáí seo, ar nós hainmhithe (*spailpins are both and sold like animals at the market*). Tá an spailpín seo bréan bailithe (*fed up with*) den dúshaothrú (*exploitation*). Is sclabhaí sluasaid é (*he is a slave of the shovel*).

Ní haon ionadh é (*it's no surprise*) go bhfuil nimh san fheoil ag an spailpín ar na feirmeoirí (*he resents the farmers*). Tá an gráin dearg (*intense hatred*) seo le feiscint nuair a thugann sé 'bodairí' orthu (*when he calls them 'bodairí'*). Áfach, ag deireadh an lae (*at the end of the day*), glacann an spailpín a chinnúint (*he accepts his faith*) agus leanann sé an feirmeoir chuig an gcéad post eile (*the next job*). Leanann sé ar aghaidh, ag fulaingt (*suffering*) agus ag streachailt (*struggling*) ó lá go lá.

**Mothúcháin:** Tá an-chuid mothúcháin le feiscint sa dán stairúil seo, ina measc; míshásamh/míshonas, bród agus fuath.

Sílim (*I think*) gurb é míshonas an ceann is láidre. Tá an spailpín bocht dubh dóite (*fed up with*) den shaol úafásach atá aige. Níl aon bhunaíocht (*permanence*) ina phost, ní féidir leis socrú síos (*settle down*) agus fós nuair atá post aige, ní shaothraíonn sé (*he doesn't earn*) a lán airgid. Bíonn sé spíonta (*exhausted*) gach lá tar éis oibre agus bíonn sé cráite ag an bhfliche agus ag an bhfuacht (*tormented by the cold and the rain*), go háirithe i ndúláíocht an gheimhridh (*the darkness of winter*).

Tá an duine seo an-bhródúil as a chuid oibre freisin. Tá sé ag barr a chearda (*the top of his trade*) agus déanann sé jab maith an t-am ar fad. Ach ní fhaigheann sé aon aitheantas dó (*he gets no recognition for it*). Tá fuath le brath sa dán seo chomh maith. Teastaíonn ón spailpín rudaí a athrú. Ba mhaith leis reabhlóid a thosnú. Ceapann sé nach bhfuil sé ceart, coir nó cothrom (*right or fair*) go n-oibríonn sé an t-am ar fad agus fós tá sé beo bocht. Ar ndóigh, b'fhearr leis bás cinnte, onórach (*certain, honourable death*) leis na 'croppies'. Tá sé chomh feargach go mbeadh sé toilteanach (*he would be willing*) chun dul ag troid in aghaidh na Sasanaigh agus na tiarnaí talúin. Tá sé le cuthach (*fit to be tied*).

## Teicnící Filíochta:

**Meadarach:** Tá meadaracht an amhráin le feiscint agus le chloisteáil go soléir sa dán seo. Chumadh é mar amhráin i dtús báire (*in the first place*) agus sheachadadh é ó ghlúin go glúin (*it was passed on from generation to generation*). Dá bhrí sin tá sé an-cheolmhar. Tá ocht líne i ngach véarsa. Ina dhiadh sin, tá samplaí de rím ann, tógaimís mar shampla, shláinte...ráithe.

**Logainmneacha (Placenames):** Tá a lán áiteanna luaite sa dán seo; Callan, Caiseal, Carraig na Siúire agus Durlas. Cuireann sé seo le hinchreideacht an dáin (*credibility of the poem*) agus tugann siad údaracht (*authenticity*) agus cúlra fíor, stairiúil (*accurate historical background*) dó.

**Uaim (Alliteration):** Baintear úsáid an-éifeachtach (*effective*) as uaim sa dán; "leathan láidir" agus "seasamh ar mo shláinte". Úsáidtear é chun béim a leagan ar fhocail áirithe. Tá sé suntasach sa líne deireanach "siúd siúl ar an spailpín fánach". Sa chás seo tuigimid go bhfuil an file chun leanúint ar aghaidh ag obair go dian dícheallach (*working hard*), mar níl an dara suí sa bhuaile aige (*because he has no other choice*).